Scéim Cheannaigh Incrimintigh - Treoirleabhar

Cad is Scéim Cheannaigh Incrimintigh ann?
Is scéim í a thugann deis d'iarratasóirí/tionóntaí tithíochta sóisialta áit chónaithe **nua** a cheannach ón gComhairle. Ar dtús, ní gcaithfidh an ceannaitheoir ach cuid de ghnáthscair na réadmhaoine a cheannach. Beidh an scéim seo curtha i bhfeidhm go hiomlán faoi Mheitheamh 2012, in ionad na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí atá ann faoi láthair.

Cé atá incháilithe?
Tá iarratasóirí/tionóntaí tithíochta sóisialta a bhfuil ioncam de €15,000 ar a laghad acu in aghaidh na bliana incháilithe. Ní mór d'iarratasóirí a bheith i bhfostaíocht lánaimseartha. Baineann sé seo le tionóntaí faoi Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) agus leo siúd a dtugann na Comhlachtaí Formheasta Tithíochta cóiríocht dóibh chomh maith.

Níl iarratasóirí a bhfuil drochstair creidmheasa nó taifead ar iompar frithshóisialta acu nó a cheannaigh réadmhaoin ón gComhairle roimhe seo incháilithe don scéim.

Conas a oibríonn sí?
Baineann an scéim le tithe nuathógála amháin atá ainmnithe don scéim ag an gComhairle. Ní mór do thionóntaí sóisialta reatha bogadh go teach nua atá ainmnithe don scéim ag an gComhairle más mian leo leas a bhaint as an scéim.

Faigheann an t-iarratasóir morgáiste chun gnáthscair den teach a cheannach. Leagtar amach thíos an ghnáthscair a d'fhéadfadh iarratasóirí a cheannach bunaithe ar a n-ioncam.

Banda Ioncaim	**Gnáthscair Cheannaithe**	**Méid Gnáthscaire Ceannaithe bunaithe ar luach ceannaigh de €180,000**	**Tréimhse a chaithfear Táille Chomhairle a íoc**
€15,000 - €19,999	40%	€72,000	30 bliana
€20,000 – €29,999	50%	€90,000	25 bliana
€30,000+	60%	€108,000	20 bliana

Laghdaítear Táille na Comhairle as an ngnáthscair neamhcheannaithe faoi 2% gach bliain go ceann na tréimhse atá leagtha amach sa tábla thuas. Ní thiocfaidh an chéad laghdú in éifeacht go ceann 5 bliana, nuair a bheidh laghdú carntha de 10% i gceist.

Cad é an luach ceannaigh?
Is é seo an praghas a chuireann an Chomhairle ar an teach, bunaithe ar an gcostas iomlán chun an teach a chur ar fáil.

An féidir leis an gceannaitheoir an teach a dhíol?
Is féidir, ach chaithfeadh méid airgid a aisíoc, bunaithe ar tháille na Comhairle ar an réadmhaoin. Leagtar amach sampla thíos:

Luach Margaidh (bliain 10):		€260,000
Gnáthscair an Cheannaitheora ar dTús:	40%	
Méadú Ghnáthscair an Cheannaitheora (2% x 10 mbliana):		20%
Gnáthscair iomlán an Cheannaitheora (Bliain 10):		60%
Táille údaráis áitiúil fós le híoc:	40%	
Suim le híoc don Chomhairle (€260,000 x 40%):	€104,000	

D'fhéadfadh an Chomhairle rogha a fheidhmiú chun an réadmhaoin a cheannach ar ais más mian leis an iarratasóir an teach a dhíol. Leagtar amach sampla thíos:

Luach Margaidh (bliain 10):	€260,000
Táille údaráis áitiúil fós le híoc:	40%
Suim le híoc don Chomhairle as an Réadmhaoin: (€260,000 – (€260,000 x 40%))	€156,000

Le haghaidh tuilleadh eolais, cuir glao ar: (01) 890 5995